

# Cuairteanna Comhairleacha na Cigireachta



## 1. Líon na gcuairteanna

Thug seachtar cigirí (ceathrar cigirí bunscoile agus triúr cigirí iar-bhunscoile) cuairt ar 133 scoil ar fad, 106 bunscoil agus 27 iar-bhunscoil, suite i nGaeltachtaí ar fud na tíre.

## 2. Teachtaireachtaí ó na cuairteanna

### 2.1 Na deiseanna

- Tá an tumoideachas á chur i bhfeidhm ag roinnt scoileanna cheana féin agus á chur i bhfeidhm i bpáirt ag scoileanna eile.
- Bhí na scoileanna an-dearfach i leith na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tuairiscíodh
  - 🇮🇪 go dtugann an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 critéir chinnte maidir le sainmhíniú a thabhairt don scoil Ghaeltachta agus
  - 🇮🇪 go n-éalaíonn an próiseas féin (don Scéim Aitheantais Scoil Ghaeltachta) tacaíocht ó na tuismitheoirí agus ó phobal na Gaeltachta.
- Dúradh go raibh an-éifeacht ag baint le hobair na gcúntóirí teanga ach go bhféadfaí feabhas a chur ar an scéim sin.
- Sonraíodh comhoibriú an-mhaith idir an coiste pleanála teanga áitiúil agus an scoil.
- Cuireadh fáilte roimh Shonraíocht Ghaeilge T1 sa Teastas Sóisearach nua in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus go háirithe an t-aitheantas atá á thabhairt faoin tSonraíocht nua do riachtanais teanga an chainteora dúchais agus do fhoghlaiméirí.

### 2.2 Na Dúshláin

- Deacrachtaí ag scoileanna maidir le múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta le hardchaighdeán Gaeilge a earcú.
- Bhí míthuiscint i gcuid de na scoileanna maidir leis an difríocht idir an tumoideachas agus an dátheangachas.
- Bhí cuid de na scoileanna imníoch faoin dearcadh diúltach i leith an tumoideachais a bhí ag roinnt tuismitheoirí. Tuairiscíodh go raibh na tuismitheoirí siúd den tuairim gur bac ar fhoghlaim na scoláirí an t-oideachas lán-Ghaeilge. Mar shampla, luadh go raibh tuismitheoirí buartha faoi chur siar léitheoireacht an Bhéarla i mblianta luath na bunscolaíochta / nach mbeadh tuiscint ag scoláirí ar choincheapa na matamaitice mar nár múineadh an t-ábhar tríd an mháthairtheanga.
- Bhí cuid de na scoileanna, go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile, imníoch faoin méid a bhí le déanamh acu chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach mar nach bhfuil traidisiún láidir Gaeilge iontu.
- Bhí roinnt mhaith scoileanna imníoch faoin soláthar don oideachas speisialta, i gcomhthéacs an tumoideachais, sa scoil Ghaeltachta. Tuairiscíodh go dtéann sé dian ar scoileanna an tumoideachais a chur i bhfeidhm le scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, go háirithe iad siúd nach bhfuil máistreacht acu ar an mháthairtheanga.
- Bhí acmhainní cuí, idir acmhainní daonna agus acmhainní ábhair de dhíth ar na scoileanna chun na pleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a dhearadh, an tumoideachas a chur i bhfeidhm agus an t-aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.
- Cé go bhfuil an clár, Séideán Sí, ar fáil, tuairiscíodh go raibh oiliúint bhreise ag teastáil chun é a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Dúirt roinnt príomhoidí go raibh na scoileanna an-bheag, suite in áiteanna iargúlta agus deacair orthu teacht ar thacaíocht, ar áiseanna nó fiú freastal ar oiliúint ghairmiúil atá i bhfad uatha agus eagraithe taobh amuigh den Ghaeltacht.